A chairde,

Beidh na tuairiscí scoile eisithe níos déanaí inniu. Tá sé beartaithe go dtabharfaidís pictiúr iomlán de dhul chun cinn do pháiste/í sna réimsí seo a leanas:

The school reports are due to be released later today. They are intended to provide you with a comprehensive picture of how your child(ren) is doing at school in the following areas:

- **Na hábhair go léir ar an gcuraclam/** *Subjects on the curriculum*
- **Tinreamh agus poncúlacht/** *Attendance and punctuation*
- **Forbairt shóisialta agus mhothúchánach/** *Social and emotional development*
- **Obair bhaile/** H*omework*
- **Cumas dul i ngleic leis an gcuraclam agus oibriú ar a d(h)ícheall/** *Readiness to engage with the curriculum and to work to the best of their ability*

Mar a fheicfidh sibh ó leagan amach na dtuairiscí, baineann an chéad dá chuid le <u>do pháiste mar fhoghlaimeoir</u> agus lena <u>bhforbairt shóisialta agus mhothúchánach</u>. Leantar na ráitis go léir leis na tuairiscíní seo a leanas:

As you'll see from the layout of the reports, the first two sections relate to ***your child as a learner*** and your child's **social and emotional development**. *All statements are followed by the descriptors below:*

- **I gcónaí/** *Always*
- **De ghnáth/** *Usually*
- **Uaireanta/** Sometimes
- **Go hannamh/** *Rarely*

Déanann cuid a 3 tagairt <u>d'fhoghlaim do pháiste trasna an churaclaim go léir</u> agus a gcumas is dul chun chinn i ngach ábhar/gné d'ábhar. Beidh tic curtha ag na múinteoirí faoi réalta amháin as cúig réalta de mhéideanna éagsúla. Baineann na réaltaí leis na tuairiscíní seo a leanas ón gceann is lú go dtí an ceann is mó:

Section 3 outlines your child's ***learning across the curriculum*** *and their ability and progress in each subject/subject area. The teachers will have ticked boxes under one of 5 stars, ranging in size from small to large. Each star corresponds to the following descriptors from the first small star to the last large one:*

1. **Deacrachtaí móra aige/aici** */Experiencing significant difficulty*
2. **Roinnt deacrachtaí/** *Experiencing some difficulty*
3. **Ag éirí go maith léi/leis/** *Managing comfortably*
4. **Cumasach agus inniúil/** *Capable and competent*
5. **An-chumasach agus an-inniúil/** *Highly capable and competent*

<u>Bheimis ag súil go mbeadh an tríú réalta ag an gcuid is mó de pháistí.</u> Léiríonn sé sin go bhfuil siad ag feidhmiú ag leibhéal an ranga agus go bhfuil an curaclam in óiriúint dóibh. Má tharlaíonn sé go raibh deacrachtaí ag do pháiste nach rabhamar ag súil leo, beidh an t-eolas sin curtha in iúl do mhúinteoir na bliana seo chugainn mar aon leis an bhfoireann tacaíochta.

We would expect most children's progress to fall around the third star, *which shows that they are working at class level and that the curriculum is very appropriate for them. Where unexpected difficulties have arisen, these will be conveyed to next year's teacher and the support team.*

Féachann an cuid deireanach den tuairisc ar thacaíocht an tuismitheora. Sa chéad bhosca, tá smaointe leagtha amach de rudaí gur féidir a dhéanamh chun cabhrú le do pháiste amach anseo. Sa dara bhosca, tá na torthaí de na scrúduithe caighdeánacha leagtha amach. Rinneadh scrúduithe Béarla, mata agus litrithe ó rang a 2 go dtí a 6, scrúdú mata amháin le R1 agus scrúduithe Gaeilge i ranganna 2, 4 + 6. Tá treoirlínte leagtha amach insan bileog eolais ón NCCA maidir leis an scóranna.

The concluding section of the report looks at the area of ***parental support****. The first box in this section provides ideas that would help your child in the coming months. The 2nd box details the results of standardised tests in English, spelling and maths from 2nd to 6th, maths from 1st as well as Irish for 2nd, 4th and 6th. Standard scores are used, and the sheet from the NCCA gives a general guideline on how to interpret them:*

Tugann na torthaí léargas duit ar chumas do pháiste ar lá amháin agus uaireanta bíonn difríocht idir na torthaí a fhaigheann siad agus a gcumas féin. Is ceisteanna ilrogha a bhíonn ann agus ní bhíonn marcanna do phróisis nó d'iarracht mar a bhíonn sa mheánscoil. Tabharfaidh measúnú an mhúinteora atá le feiscint sa bhosca deireanach tuairim i bhfad níos fearr duit faoi láidreachtaí agus dúshláin do pháiste mar aon leis an dul chun cinn atá déanta acu i rith na bliana.

The results are a snapshot of your child's performance on a given day and may not be fully reflective of their ability*. Answers are multiple choice with no marks for correct processes or effort, as would be the case with secondary school tests. The assessment of your child's teacher, which you'll see in the final box, will give you a far broader picture of their strengths and challenges as well as their progress over the course of the year.*

Ná bíodh leisce oraibh teangmháil a dhéanamh le múinteoir ranga nó tacaíochta do pháiste má tá aon cheisteanna nó buairteanna agaibh.

If you have any queries in relation to your son or daughter's report, you are very welcome to contact their class and/or support teacher.

Le meas,

Áine & foireann na scoile